Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Léigh na coinníollacha a ghabhann leis seo roimh an fhoirm seo a chomhlánú, le do thoil

Ní mór gach ceist a fhreagairt

Scríobh d'fhreagraí go soiléir i mbloclitreacha le do thoil

MAG 1

Iarratasóir/Iarratasóirí: _____
Úinéir/Úinéirí na Maoine

Seoladh: _____

_____

Uimh. Theileafóin: _____ **Uimh. Fóin Phóca:**_____

Dáta Breithe: _____ **Uimh. P.P.S:** _____

Gairm: _____

Ainm an té a bhfuil deontas á lorg dó/di ***(más éagsúil ón Iarratasóir):***

_____

Gaol leis an iarratasóir: _____

Ainm úinéir na maoine ar a bhfuil na hoibreacha oiriúnaithe beartaithe le déanamh:

_____

Cathain ar tógadh an teaghais: _____

Ollioncam Bliantúil an Teaghlaigh: € _____
(féach nóta mínithe 3 thíos)

An gcónaíonn an duine faoi mhíchumas ag an seoladh thuas: _____

Cé chomh fada agus atá sé/sí ina chónaí/cónaí ag an seoladh seo: _____

Ainm agus seoladh an Dochtúra Ghinearálta: _____

_____

_____

(Cuimhnigh go mbeidh ar do Dhochtúir Ginearálta (GP) an teastas dochtúra a ghabhann leis seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais leis an bhfoirm iarratais seo)

Sonraí gach duine a chónaíonn sa mhaoin a bhfuil deontas á lorg di (*An t-iarratasóir agus/nó duine faoi mhíchumas san áireamh*)

Ainm	**Gaol leis an iarratasóir**	**Dáta Breithe**	**Ollioncam (bliain chánach roimhe seo)**	**Gairm** ***(más infheidhme)***

Líon na seomraí san áitreabh agus cur síos orthu:

	Seomraí Leapa	**Seomra Suite**	**Seomra Bia**	**Cistin**	**Eile**
Thuas Staighre					
Thíos Staighre					

Cur síos ginearálta ar na hoibreacha beartaithe:

_____

_____

_____

_____

Costas measta na n-oibreacha: **€ _____**
(Seol isteach 2 luachan scríofa le do thoil maidir le costas measta na n-oibreacha)

Méid an deontais a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith: **€ _____**

Fuílleach na gCostas: **€ _____**

Conas atá sé beartaithe agat fuílleach na gcostas a chistiú: _____

_____

Ar íocadh Deontas Do Dhaoine faoi Mhíchumas, Deontas Oiriúnaithe Tithe nó Deontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta cheana maidir leis an áitreabh nó an duine céanna? Má íocadh, tabhair sonraí le do thoil:

_____

_____

_____

_____

Agus Deontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta á cheadú ag an gComhairle, ní ghlacfaidh sí le freagracht ar bith as riocht na maoine ná tabhairt chun críche sásúil na n-oibreacha. Is ar mhaithe leis an deontas a chinneadh, agus sin amháin, a dhéanann an Chomhairle iniúchtaí maidir le hoibreacha atá ar siúl agus atá tugtha chun críche.

DEARBHÚ

Féadfar nach measfar iarratasóir chun Deontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta a fháil má thugann sé/sí eolas bréagach nó má choinníonn sé/sí eolas ábhartha siar.

Geallaim/Geallaimid Comhairle Contae Fhine Gall a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar chúinsí ó dháta an iarratais.

Dearbhaím/Dearbhaímid leis seo go bhfuil an t-eolas roimhe seo ceart agus Déanaim/Déanaimid iarratas chuig Comhairle Contae Fhine Gall ar Dheontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta.

Tugaim/tugaimid údar do Chomhairle Contae Fhine Gall leis seo aon fhiosrúcháin oifigiúla is gá a dhéanamh chun an t-iarratas a phróiseáil.

SÍNIÚ AN IARRATASÓRA:_____ DÁTA:_____

SÍNIÚ AN PHÁIRTÍ/AN CHÉILE:_____ DÁTA:_____

MAG 1

Ba chóir iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

An Roinn Tógála Tithe
Comhairle Contae Fhine Gall
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15

MAG 2

TEASTAS DOCHTÚRA

SCÉIM DEONTAS TITHÍOCHTA NA nÁISEANNA SOGHLUAISTEACHTA

Dearbhaím leis seo go bhfuil na hoibreacha beartaithe ar an bhfoirm iarratais a ghabhann leis seo riachtanach ionas go mbeidh cóiríocht chuí ag:

AINM: _____

SEOLADH: _____

_____

ATÁ FAOIN MÍCHUMAS SEO A LEANAS: _____

_____

CUR SÍOS AR AN DEACRACHT SOGHLUAISTEACHTA: _____

_____

MAIDIR LE hARDAITHEOIRÍ STAIGHRE A SHOLÁTHAR, AGUS SIN AMHÁIN, DÉAN TRÁCHT AR:

Cumas aistriú go Sábháilte:_____

Feidhmiú Cognaíoch an tArdaitheoir Staighre a úsáid go sábháilte:_____

Prognóis Mheántéarmach agus Áisiúlacht an Ardaitheora Staighre maidir le Freastal ar Riachtanais: _____

AINM AN DOCHTÚRA: _____

STAMPA AN DOCHTÚRA

SEOLADH: _____

_____

_____

SÍNITHE: _____

DÁTA: _____

Má tá Teiripeoir Saothair agat cuir isteach a dtuairisc leis an bhfoirm iarratais seo le do thoil.

Coinníollacha na Scéime

1. Feidhm an Deontais

Tá Scéim Deontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta ar fáil chun na costais a ghabhann le hoibreacha bunúsacha atá dírithe ar fhadhbanna shoghluaisteachta a réiteach a shamhlaítear go príomha, cé nach amháin, le dul in aois. Áirítear iad seo a leanas ar na hoibreacha is féidir a mhaoiniú faoin scéim:

- Greimráillí;
- Rampaí rochtana;
- Cithfholcadán boinn leibhéalta;
- Ardaitheoirí staighre
- Mionoibreacha eile a mheastar a bheith riachtanach chun riachtanais soghluaisteachta duine den teaghlach a éascú.

2. Leibhéal an Deontais

Is ionann an t-uasdeontas iarbhír agus €6,000 nó 100% de chostas na n-oibreacha, cibé acu is lú. Tá an deontas ar fáil do theaghlaigh a bhfuil ollioncam teaghlaigh bliantúil nach mó ná €30,000 acu.

3. Ioncam Teaghlaigh

Ríomhtar ioncam teaghlaigh mar ollioncam bliantúil úinéir na maoine sa bhliain chánach roimhe sin, maraon le hioncam a c(h)éile/p(h)áirtí, más infheidhme.

I gcás cóiríochta príobháidí ar cíos, déantar ioncam teaghlaigh a ríomh mar ollioncam bliantúil an tionónta sa bhliain chánach roimhe sin, i dteannta ioncam a c(h)éile, más infheidhme.

Agus ollioncam teaghlaigh á chinneadh cuirfidh údaráis áitiúla an neamhaird ioncaim seo a leanas i bhfeidhm:

- €5,000 do gach duine sa teaghlach atá suas le 18 mbliana d'aois;
- €5,000 do gach duine sa teaghlach atá idir 18 agus 23 bliain d'aois agus atá in oideachas lánaimseartha nó ar phrintíseacht FÁS;
- €5,000 sa chás go bhfuil an duine faoi mhíchumas a bhfuil an t-iarratas ar dheontas á lorg dó/di, faoi chúram duine gaolta ar bhonn lánaimseartha;
- Sochar Linbh;
- Forlíonadh Luathchúraim Leanaí;
- Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh;
- Liúntas Cúram Baile;
- Deontas Cúraim Sosa;
- Sochar / Liúntas Cúramóra (sa chás go ndéantar íocaíocht an Chúramóra i leith an duine a bhfuil an t-iarratas ar dheontas á lorg dó/di).

4. Fianaise ar ioncam teaghlaigh

Ní mór an fhianaise ar ioncam seo a leanas a áireamh le gach iarratas:

- I gcás oibrithe PAYE, P60 nó Ráiteas Comhardaithe don bhliain chánach roimhe sin;

- I gcás daoine féinfhostaithe nó feirmeoirí, foirm um Measúnú ar Cháin Ioncaim, in éineacht le cóip de na cuntais don bhliain chánach roimhe sin;

- I gcás daoine a bhfuil sochair leasa shóisialta á bhfáil acu, ráiteas ón Oifig Leasa Shóisialaigh ina sonraítear íocaíochtaí seachtainiúla/bliantúla. I gcás Pinsinéirí Stáit, is leor cóip den leabhar pinsin reatha.

(Ní mór fianaise ar ioncam teaghlaigh i leith úinéir na maoine agus, más infheidhme, i leith a c(h)éile/p(h)áirtí a chur isteach)

5. Ceanglais Chánach

I gcás conraitheoirí, ní mór ainm, seoladh, uimhir thagartha chánach agus ceantar cánach an chonraitheora, agus uimhir agus dáta éaga an deimhnithe údarúcháin a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim don chonraitheoir a chur isteach.

6. Nós Imeachta Achomhairc

Agus iarratais á bpróiseáil faoi Scéim Deontas Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta aithníonn an t-údarás go bhféadfaidh roinnt iarratasóirí a bheith míshásta le cinneadh an údaráis. Tabharfaidh an t-údarás sásra achomhairc do gach iarratasóir, lena mbeidh sé nó sí in ann athbhreithniú ag oifigeach eile ar an gcinneadh ina c(h)ás a fháil .

Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir le gach achomharc:

Is féidir le hiarratasóirí achomharc i scríbhinn, ina luaitear na cúiseanna leis an achomharc, ar chinneadh ar bith a chuir an t-údarás áitiúil in iúl dóibh maidir lena n-iarratas a chur isteach laistigh de 3 seachtaine ón dáta a rinneadh an cinneadh. Breithneofar an t- achomharc seo laistigh de 4 seachtaine ón tráth a gheofar é. Cuirfear cinneadh ar achomharc in iúl do gach iarratasóir laistigh de 2 sheachtain ón tráth a dhéanfar an cinneadh.

7. Seicliosta

Cinntigh le do thoil go bhfuil na cáipéisí seo a leanas iniata leis an iarratas ar dheontas:

- Foirm iarratais (MAG 1) comhlánaithe go hiomlán;

- Tuairisc Leighis G.P. (MAG 2) chomhlánaithe;

- Foirm Chánach (MAG 3) chomhlánaithe;

- Fianaise ar Ioncam Teaghlaigh ó gach foinse;

- Luachan mhiondealaithe scríofa amháin ina sonraítear costas na n-oibreacha beartaithe.

Má tá cúnamh ag teastáil uait maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú bí i dteagmháil le do thoil le:
An Rannóg Tógála Tithe ag 890 5587